COSÁN
DROICHEAD
ITE

# *Droichead:* An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil

Márta 2017

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Liosta na n-acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **NIPT** | **Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí** |
| **MNC** | **Múinteoir Nuacháilithe** |
| **FTG** | **Foireann Tacaíochta Gairmiúla** |
| **IA** | **Institiúid Ardoideachais** |

# *Droichead:* An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil

## 1.1 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an bpróiseas *Droichead* (bunscoil agus iar-bhunscoil)

**Réamhrá**

Tá feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas sa chás go mbíonn múinteoir nuacháilithe fostaithe ar feadh tréimhse leordhóthanach i scoil atá páirteach sa Chreat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil *Droichead* (dá ngairtear *Droichead* anseo feasta).

### 1.1.1 An próiseas *Droichead*

1.1.1.1 Is é atá i gceist leis an bpróiseas *Droichead* ná creat comhtháite ionduchtaithe gairmiúil do mhúinteoirí nuacháilithe. Aithníonn sé éifeachtacht na gclár athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí agus go háirithe an socrúchán scoile leathnaithe, in ullmhúchán gairmiúil na múinteoirí faoi oiliúint. Tógann sé ar an gcéim sin, ag tógáil mar phointe tosaigh ar na réimsí foghlama breise atá aitheanta ag an MNC i gcomhar leis an IAO mar chuid den taithí socrúcháin scoile. Ag an am céanna, aithníonn sé gur céim shainiúil de chontanam oideachas múinteoirí é an ionduchtú, próiseas sóisialaithe isteach i ngairm na múinteoireachta. Áirítear leis an gcreat comhtháite seo gníomhaíochtaí scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise chun dul i ngleic le riachtanais na múinteoirí agus iad ag tosú ar a ngairmeacha beatha.

1.1.1.2 Is é príomhchuspóir phróiseas *Droichead* ná tacú le foghlaim ghairmiúil na MNCanna le linn na céime ionduchtaithe, sa chaoi is go leagtar an bhunchloch don fhás agus don fhoghlaim ghairmiúil ina dhiaidh sin don chéad chéim eile dá ngairm beatha.

1.1.1.3 Tar éis an phróisis *Droichead*, déanann an MNC dearbhú go bhfuil sé/sí réidh le bogadh go dtí an chéad chéim eile ar chontanam an oideachais mhúinteoirí. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe a bhfuil taithí acu comhdhearbhú, tar éis mhachnamh comhchoiteann, gur ghlac siad páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán de bharr a rannpháirtíochta in *Droichead*. Ansin, baineann an Chomhairle Mhúinteoireachta an coinníoll *Droichead* ó chlárú an mhúinteora. Beidh an múinteoir cláraithe go hiomlán ag an gComhairle nuair a mheasann an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil na coinníollacha clárúcháin uile (e.g., an Riachtanas Gaeilge, na coinníollacha i dtaca le heaspa cáilíochtaí) comhlíonta.

1.1.1.4 Agus MNC fostaithe i scoil atá rannpháirteach i suíomh incháilithe (féach 1.1.2) ar feadh na híostréimhse cleachtais ghairmiúil (féach 1.1.3), cláraíonn siad don phróiseas *Droichead* le hIonad Oideachais Luimnigh ag baint úsáide as an bhfoirm DR1 (dá dtagraítear in Alt 1.1.3). Eisítear deimhniú ríomhphoist don MNC ó Ionad Oideachais Luimnigh lena ndearbhaítear gur chláraigh siad don phróiseas *Droichead*. Ba cheart go gcoimeádfaí an taifead seo, atá le cur isteach in éineacht le Foirm D atá comhlánaithe.

1.1.1.5 Tá dhá phríomhshnáithe ag baint leis an bpróiseas *Droichead* mar chreat comhtháite ionduchtúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe. Ionduchtúchán scoilbhunaithe amháin (Snáithe A) is ea an chéad shnáithe, trína bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe le taithí. Tá an dara snáithe comhdhéanta de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B), lena gcuimsítear freastal ar chnuaschruinnithe MNC in ionaid oideachais áitiúla, agus gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile a bhaineann le riachtanais an MNC. D'fhéadfaí go mbeifí i gceist le gnáthghníomhaíochtaí foghlama, mar shampla, rannpháirtíocht i gceardlann, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí/cumann ábhar, foghlaim trí ghníomhaíocht ar líne/cumaisc, freastal ar chomhdháil, Féilte, etc. (Féach 1.1.5)

## 1.1.2 Suíomhanna inar féidir leis an bpróiseas *Droichead* tarlú

### 1.1.2.1 Bunscoil

De ghnáth tabharfaidh múinteoir bunscoile faoi phróiseas *Droichead* nuair a bheidh siad fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha. Mar riail ghinearálta, bíonn fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta incháilithe, sa chás go bhfuil an múinteoir ag teagasc réimsí uile Churaclam na Bunscoile, an Ghaeilge san áireamh, do rang príomhshruth daltaí (ar aon ghrád amháin nó níos mó ná sin) ar feadh an lá scoile ar fad, agus sa chás go ligfidh sealbhaíocht an phoist sa scoil don mhúinteoir na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 1.1.3.2 thíos a shásamh.

Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, is i ngnáthshuíomhanna is ceart do scoileanna MNCnna a chur chun feidhme. I gcúinsí áirithe, nuair is iad an múinteoir is oiriúnaí chun tacú le riachtanais daltaí, féadfaidh múinteoir nuacháilithe an próiseas *Droichead* a chur i gcrích i gceann de na róil seo a leanas:

a) múinteoir ag rang speisialta i scoil phríomhshruth

b) múinteoir i scoil speisialta

c) múinteoir acmhainne lánaimseartha do dhaltaí atá faoi mhíchumas íosmhinicíochta (mar atá sainmhínithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna)

d) múinteoir tacaíochta foghlama lánaimseartha

e) ról a chomhcheanglaíonn c) agus d) thuas (post Teagasc Tacaíochta Foghlama/Acmhainne).

Sna cásanna thuas, caithfidh an cohórt céanna daltaí a bheith i gceist leis an tréimhse fostaíochta (ach amháin i gcás neamhláithreachtaí eisceachtúla). Mar chuid den phróiseas *Droichead*, ba cheart freisin go ndéanfadh an scoil a dícheall le cinntiú go bhfuil ann do dheiseanna don mhúinteoir nuacháilithe dul i mbun teagaisc i suíomh príomhshrutha, lena n-áireofaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge i rang príomhshrutha, i gcomhar leis an múinteoir ranga.

### 1.1.2.2 Iar-bhunscoil

De ghnáth, tabharfaidh múinteoir iar-bhunscoile faoin bpróiseas *Droichead* agus iad fostaithe in iar-bhunscoil aitheanta. Tá sé de riail ghinearálta gur féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta a áireamh sa chás go ligfidh fostaíocht den sórt sin don mhúinteoir na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 1.1.3.3 thíos a chomhlíonadh.

Is féidir le múinteoir iar-bhunscoile an próiseas *Droichead* a chur i gcrích freisin sa chás go bhfuil siad fostaithe i gceann de na róil seo a leanas:

a) scoil speisialta ina bhfuil sciar de na daltaí atá ag freastal ar an scoil in aois iar-bhunscoile, agus ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iar-bhunscoile á theagasc/dteagasc ag an múinteoir do dhaltaí dá leithéid, nó

b) Ionad Oideachais ina bhfuil ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iar-bhunscoile á theagasc/dteagasc.

Ba cheart go dtabharfaí faoi deara, sa chás ina bhfuil MNCanna fostaithe sna suíomhanna thuas trí sheirbhís dheonach (gan íocaíocht) nó scéimeanna intéirneachta amhail JobBridge, agus scéimeanna comhchosúla dá leithéid a d'fhéadfaí go gcuirfí tús leo amach anseo, nach measann an Chomhairle Mhúinteoireachta a bheith oiriúnach do *Droichead*.

## 1.1.3 Tréimhse an chleachtais ghairmiúil a theastaíonn

1.1.3.1 Áirítear le cleachtas gairmiúil (i) socrúchán scoile (10 seachtaine) le linn oideachas tosaigh múinteoirí agus (ii) cleachtas iarcháilíochta. Tá leasú déanta ar an bpróiseas *Droichead* 2016/2017, lena gcomhlíontar an riachtanas maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta, chun an síneadh leis an socrúchán scoile le linn oiliúint tosaigh múinteora a chur san áireamh.

1.1.3.2 Ní mór do mhúinteoir bunscoile bloc de 60 lá scoile i ndiaidh a chéile a chríochnú i suíomh incháilithe ón dáta a ceapadh den chéad uair iad i bpost atá aitheanta le haghaidh phróiseas *Droichead* i mbunscoil. Ní mór don mhúinteoir clárú don phróiseas *Droichead* le hIonad Oideachais Luimnigh, ag baint úsáide as an bhfoirm DR1.

1.1.3.3 Ní mór do mhúinteoir iar-bhunscoile 200 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta a chur i gcrích i suíomh incháilithe lena n-áirítear ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iar-bhunscoile do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile, nó fostaíocht i ról tacaíochta foghlama, riachtanais speisialta nó tacaíochta teanga. Ní mór don mhúinteoir clárú don phróiseas *Droichead* le hIonad Oideachais Luimnigh, ag baint úsáide as an bhfoirm DR1.

1.1.3.4 Ba chóir a thabhairt faoi deara gur iad seo na híostréimhsí cleachtais is giorra is féidir a áireamh. Ós rud é go bhfuil *Droichead*, mar chreat ionduchtaithe, deartha chun an t-uasleibhéal tacaíochta, treorach agus comhairle a sholáthar, moltar, sa chás ina mbíonn am breise ag MNC ina scoil de bhreis ar na híosriachtanais a leagtar amach ag 1.1.3.2. agus 1.1.3.3. thuas, go n-úsáidtear am breise chun tacú leis an bpróiseas *Droichead*.

### 1.1.4 Snáithe Scoilbhunaithe

1.1.4.1 Baineann *Droichead* go bunúsach le haistear gairmiúil an MNC agus le próiseas a Ionduchtúcháin. Is cuid lárnach den phróiseas seo rannpháirtíocht MNC le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a bhíonn ar siúl maidir lena bhfoghlaim agus a gcleachtas gairmiúil féin. Is ann do roinnt bealaí inar féidir FTG a bhunú. I scoileanna níos mó, lena lán MNCnna, d'fhéadfadh go n-oibreodh roinnt foirne as lámha a chéile. I scoileanna níos lú, b'fhéidir gur leor foireann de bheirt nó triúr múinteoirí. I scoileanna an-bheaga, nó i gcúinsí nach bhfuil scoil in ann FTG a bhunú le baill d'fhoireann na scoile amháin, tá samhail sheachtrach ar fáil. Tá tuilleadh treorach ar fáil ón NIPT.

1.1.4.2 Is próiseas comhoibríoch é tacaíocht a thabhairt do mhúinteoir nuacháilithe le linn an phróisis *Droichead* i gcónaí, cé go bhféadfadh róil agus freagrachtaí de chuid chomhaltaí FTG a bheith éagsúil i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, agus mar sin comhaontaítear iad sula gcuirtear tús leis an bpróiseas *Droichead*.

1.1.4.3 Cuireann an FTG forbairt ghairmiúil *Droichead*, a chuireann an NIPT ar fáil, i gcrích, agus cabhraítear léi ina cuid oibre trí sholáthar raon tacaíochtaí agus acmhainní, lena n-áirítear:

- Oiliúint tosaigh CNIM do gach comhalta den FTG.
- Am saor le múinteoir ionadaíochta ionas gur féidir le gach comhalta den FTG freastal ar an gcúrsa oiliúna.
- Am saor chun tacú leis na gnéithe scoilbhunaithe de *Droichead*.
- Tacaíocht teileafóin agus ríomhphoist ón NIPT, trína líonra comhpháirtithe agus a fhoireann bhuan.
- Treoir meantóra chuimsitheach, lena n-áirítear réimse teimpléad samplacha

1.1.4.4 Le linn phróiseas *Droichead*, bíonn roinnt idirghníomhaíochtaí ag MNC leis na comhghleacaithe a bhfuil taithí acu agus atá ag tacú leis an bpróiseas. Comhráite gairmiúla a thugtar orthu seo. Soláthraíonn na comhráite seo deiseanna chun aiseolas neamhfhoirmiúil a mhalartú ar bhonn duine le duine, agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn le linn fhoghlaim agus chleachtas gairmiúil an MNC agus comhairle threorach a chur ar fáil. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh comhrá gairmiúil a bheith i bhfoirm cruinnithe socraithe idir an MNC agus ball amháin nó níos mó den FTG.

1.1.4.5 Is próiseas tábhachtach an fhoghlaim bunaithe ar phunann a chuidíonn leis an MNC páirt a ghlacadh sna comhráite gairmiúla. Úsáideann an Chomhairle an téarma Taisce chun tagairt a dhéanamh don phróiseas foghlama bunaithe ar phunann. Cuireann an próiseas foghlamtha bunaithe ar phunann ar chumas an MNC machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghairmiúil ar bhealach atá oiriúnach dóibh féin agus réimsí a thabhairt chun suntais a bhféadfadh gá a bheith acu le cúnamh nó le comhairle breise ina leith agus pleanáil a dhéanamh dá réir. Tá tuilleadh sonraí faoin bpróiseas seo ar fáil ó ríomhleabhar *Droichead* ar na leathanaigh *Droichead* ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas seo ar fáil do MNCanna agus don FTG ón NIPT.

1.1.4.6 Is príomhghné freisin, de *Droichead* iad breathnóireacht. Áiríonn sé seo breathnóireacht an MNC ar chleachtas múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu, chomh maith le breathnóireacht ar chleachtas an MNC ag an FTG. Socraítear an dá chineál breathnóireachta roimh ré, agus cuireann siad deiseanna ar fáil do MNCnna chun foghlaim óna gcomhghairmithe. Ba chóir go ndíreodh tuairimí an FTG ar chleachtas an MNC ar réimsí ina mbraitheann an MNC go bhfuil comhairle, cúnamh agus tacaíocht ar leith de dhíth orthu. Ba chóir, mar sin, an MNC a spreagadh chun múineadh i réimse ina mbraitheann siad gur mó a riachtanas foghlama. Is féidir leis seo an bonn a sholáthar do chomhrá gairmiúil ina dhiaidh sin. Moltar go mbeadh ar a laghad dhá cheann de gach cineál breathnóireachta ranga (breathnóireachtaí an MNC, agus breathnóireachtaí ar chleachtas an MNC), agus go mbeadh an líon cruinn, agus na ranganna a breathnaíodh, bunaithe ar phlé idir an MNC agus an FTG).

1.1.4.7 Is é mana an CNIM "Léiriú nirt is ea cabhair a iarraidh." Chuige sin, spreagtar don MNC agus don FTG gach deis a thapú ceisteanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuireann FTGanna réimse tacaíochtaí ar fáil lena gcuirtear MNCanna ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin siúd agus foghlaim uathu. Tá tacaíocht, comhairle agus treoir bhreise ar fáil ón NIPT trína sheirbhís tacaíochta scoile, agus d'fhéadfadh go mbeadh luach ag baint le roinnt ama breise chun seo a éascú. Dá cuimsithí an tacaíocht a chuirtear ar fáil, agus dá mó an méid rannpháirtíochta oscailte ag na ndaoine atá páirteach, is amhlaidh is fearr don MNC.

## 1.1.5 Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise

1.1.5.1 Chun cur leis an snáithe ionduchtaithe scoil-bhunaithe mar atá leagtha síos thuas, glacann MNCanna páirt sna gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise seo a leanas mar chuid de phróiseas *Droichead*.

**Cnuaschruinnithe MNC agus Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla eile**

Freastalaíonn MNCanna ar chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma, in ionad oideachais áitiúil. Cuireann CNIM na cruinnithe ar fáil agus i gcomhar leis an ngrúpa MNCanna. Déantar clár oibre an chruinnithe a leagan amach i gcomhar leis na MNCnna agus d'fhéadfadh go mbeadh plé á dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha de *Droichead* mar shampla an próiseas breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, etc.

**Gníomhaíocht foghlama ghairmiúil eile**

Ba cheart do MNCanna páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile, a shainaithníonn siad féin de réir a gcuid riachtanas foghlama gairmiúla, i gcomhairle leis an FTG. D'fhéadfaí go mbeifí i gceist le gnáthghníomhaíochtaí foghlama, mar shampla, rannpháirtíocht i gceardlann, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí (cumann ábhar), gníomhaíocht foghlama ar líne/cumaisc, freastal ar chomhdháil, Féilte, etc.

## 1.1.6 Caighdeáin chun próiseas *Droichead* a threorú agus chun tacú leis

1.1.6.1 Tá caighdeáin leagtha síos ag an gComhairle mar bhonn treise faoi phróiseas *Droichead*, mar threoir don MNC, in éineacht leis an FTG, i ndáil leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil. Tá siad seo leagtha amach in Aguisín 2. Déantar tuilleadh iniúchta ar chaighdeáin *Droichead* agus ar shamplaí i gcomhthéacs na scoile mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil don FTG, arna éascú ag an NIPT.

## 1.1.7 Taifid maidir leis an bpróiseas *Droichead* a choimeád

1.1.7.1 Déanann an FTG plean imlíneach maidir le próiseas *Droichead* a leagan amach, i gcomhairle leis an MNC. Go hidéalach, tabharfaidh an MNC faoi phróiseas *Droichead* ar feadh tréimhse níos faide ná an t-íostréimhse a shonraítear, nuair a cheadaíonn a dtréimhse fostaíochta amhlaidh. Soláthróidh an NIPT teimpléid do sracphlean *Droichead* agus don phróiseas breathnaithe araon, chomh maith le treoir maidir le húsáid teimpléad dá leithéid. Chun próiseas dearbhaithe cáilíochta na Comhairle a éascú, iarrtar ar scoileanna taifid atá cruthaithe acu a choinneáil chun tacú le próiseas *Droichead* i gcomhréir lena mbeartas um chosaint sonraí.

1.1.7.2 Agus taifid á gcoinneáil aige, ba cheart go mbeadh meas ag an FTG ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht na faisnéise a fhaightear le linn an phróisis. Ba cheart dóibh aird a thabhairt freisin ar chúinsí eiticiúla agus cosanta sonraí, ag déanamh sonraí gan ainm nuair is iomchuí agus ag déanamh aon bheart is gá chun rochtain ar fhaisnéis íogair a shrianadh.

1.1.7.3 Sa chás go mbíonn múinteoir nuacháilithe a bhfuil roinnt de phróiseas *Droichead* nó iomlán an phróisis críochnaithe aige nó aici ag fágáil na scoile, ba chóir cóip de na taifid ábhartha i ndáil leis an bpróiseas sin atá ar coimeád sa scoil a thabhairt don mhúinteoir.

## 1.1.8 An Próiseas *Droichead* a thabhairt chun críche

1.1.8.1 Nuair a bhíonn MNC ag druidim le críochnú phróiseas *Droichead,* de réir an chreata ama táscaigh a comhaontaíodh ag tús an phróisis, tarlaíonn comhrá gairmiúil idir an MNC agus an FTG. Mar chuid den chomhrá seo freisin, sainaithneoidh an FTG réimsí foghlama gairmiúla breise (le cur san áireamh ar an bhFoirm D).

1.1.8.2 Agus an próiseas *Droichead* curtha i gcrích ag an MNC agus FTG (ionduchtú scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise) cuireann siad Foirm D i gcrích (féach Aguisín 2). Tá sé de fhreagracht ar an MNC í seo a chur isteach in éineacht le cóip den ríomhphost ó Ionad Oideachais Luimnigh lena ndearbhaítear gur chláraigh siad le haghaidh próiseas *Droichead*.

1.1.8.3 Agus Foirm D go hiomlán comhlánaithe agus curtha faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, bainfidh an Chomhairle an coinníoll *Droichead* ó chlárú an mhúinteora agus eiseoidh siad litir dheimhnithe nó clárúcháin leasaithe. Ní mór na coinníollacha go léir a chomhlíonadh chun an múinteoir a bheith cláraithe go hiomlán.

## 1.1.9 Comhsheasmhacht agus dearbhú cáilíochta

1.1.9.1 Is ann do roinnt meicníochtaí chun cáilíocht agus comhsheasmhacht an phróisis *Droichead* a chinntiú ar bhonn náisiúnta.

a) Cuireann NIPT tacaíocht ar fáil do scoileanna, a bhfuil *Droichead* á sholáthar acu, a bhfostaíonn MNC.

b) Bunaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta painéil um Dhearbhú Cáilíochta (DQA) *Droichead*, atá comhdhéanta de chathaoirleach neamhspleách, múinteoir atá ag cleachtadh ón earnáil ábhartha agus duine éigin a bhfuil saineolas acu i dtaca le tacaíocht a thabhairt do theagasc agus foghlaim ag leibhéal na scoile agus/nó measúnú a déanamh orthu. Tugann an painéal DQA cuairt ar shampla randamach de na scoileanna inar tharla próiseas *Droichead* agus pléann siad an próiseas leis an FTG agus leis an MNC. Socraítear cuairteanna dá leithéid roimh ré agus tarlaíonn siad i spiorad na comhghleacaíochta agus an chomhoibrithe. Tar éis a athbhreithnithe, cuireann an painéal DQA tuarascáil gan ainm faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta ina leagtar amach a thorthaí agus a moltaí maidir leis an bpróiseas. Déanann an Chomhairle an tuarascáil a mheas agus, tar éis daingnithe, foilsítear í ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus scaiptear í ar NIPT agus ar an gCigireacht.

c) Mar cheannaire foghlama sa scoil, cothaíonn an príomhoide, cé nach gá go mbíonn baint acu leis an bpróiseas *Droichead*, cultúr foghlama inar féidir le *Droichead* bláthú, agus tacaíonn siad le FTG próiseas ionduchtaithe ardchaighdeáin a éascú

d) Áirítear le forbairt ghairmiúil do chomhaltaí FTG, cnuaschruinnithe san áireamh, plé maidir le caighdeáin agus táscairí an dea-chleachtais lena dtreoraítear agus lena dtacaítear leis an bpróiseas *Droichead*.

e) Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm inar mian le MNCnna nó FTG ábhair imní a ardú faoi ghnéithe de phróiseas *Droichead*. Áirítear leis an bpróiseas seo céim neamhfhoirmeálta, ag leibhéal na scoile, agus céim níos foirmeálta ag leibhéal an NIPT. Leis seo, ligtear do cheisteanna gan réiteach a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, trína painéal um Dhearbhú Cáilíochta *Droichead*.

## 1.1.10 Treoir bhreise

Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus lena gníomhaireachtaí maidir le cur i bhfeidhm *Droichead*, agus le cinntiú go bhfuil sé comhsheasmhach leis na beartais ghinearálta a chinnfidh an tAire ó am go chéile. Áireofar leis sin treoir a fhorbairt don aistriú go beartas nua *Droichead*.

# Aguisín 1

## Caighdeáin maidir le *Droichead*


Tá na caighdeáin seo a leanas leagtha amach ag an gComhairle mar bhonn treise faoi phróiseas *Droichead*, mar threoir don MNC, in éineacht leis an FTG, i ndáil leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil. Déantar tuilleadh iniúchta ar tháscairí an dea-chleachtais i gcomhthéacsanna éagsúla mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil don FTG, arna éascú ag an NIPT. Trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas *Droichead*, déanfaidh an múinteoir nuacháilithe an méid seo a leanas:

1. páirt a ghlacadh go gairmiúil le hionduchtúchán scoilbunaithe agus le bearta foghlama gairmiúla breise
2. dúthracht na gairmiúlachta a léiriú i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán ar mhaithe leis na daltaí
3. páirt a glacadh sa chleachtadh machnaimh lena dtacaítear lena bhfoghlaim agus lena gcleachtadh gairmiúil, go haonarach agus go comhoibríoch araon.

# Aguisín 2

## **Foirm D** - Bunscoil agus Iar-Bhunscoil

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council




# Foirm D - *Droichead*

# BUNSCOIL

Ba cheart go gcuirfeadh múinteoirí arbh fhíor do na nithe seo a leanas ina leith an fhoirm seo faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta:

(a) chuir siad tús leis an bpróiseas Droichead agus thug siad chun críche é le linn na scoilbhliana 2016/2017, i suíomh incháilithe thar thréimhse nach lú ná 60 lá

(b) chuaigh siad i mbun na ngníomhaíochtaí ionduchtaithe scoilbhunaithe agus na ngníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise ar bhonn gairmiúil.

**Ba cheart go seolfaí an fhoirm seo, in éineacht le cóip den ríomhphost tosaigh ó Ionad Oideachais Luimnigh ina ndearbhaítear gur chláraigh an múinteoir le haghaidh *Droichead* ag baint úsáide as an DR1, chuig an seoladh thíos.**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta,**
**Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,**
**Maigh Nuad,**
**Co. Chill Dara,**
**W23 Y7XO,**
**Éire.**

## CUID 1

### Deimhniú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead*

**Céadainm:** ____________ **Sloinne:** ____________

**Uimhir Chlárúcháin:** ____________ **Fón:** ____________

**Seoladh:** ____________

____________

**Ríomhphost:** ____________

**Ainm Foirmeálta na Scoile:** ____________

**Uimhir Rolla na Scoile:** ____________

**Seoladh na Scoile:** ____________

____________

**Líon iomlán na laethanta teagaisc as a chéile sa scoil seo (cuir isteach líon iomlán na laethanta):** Laethanta a cuireadh isteach

**Ó:** LL MM BBBB

**Chuig:** LL MM BBBB

**Suíomh inar tharla *Droichead*[1]:**
*(Cuir tic leis de réir mar is iomchuí, le do thoil)*

- ☐ Múinteoir Ranga Príomhshrutha
- ☐ Múinteoir i Scoil Oideachais Speisialta
- ☐ Múinteoir Acmhainne Lánaimseartha
- ☐ Múinteoir Tacaíochta Foghlama Lánaimseartha
- ☐ Comhcheangal de Thacaíocht Foghlama agus teagaisc Acmhainne

[1] *Féach Caibidil 2 de na Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2016/2017 (Dáta 2017) le haghaidh tuilleadh eolais faoi shuíomhanna incháilithe, le do thoil.*

## CUID 1

**Dearbhaím** (cuir tic leis, le do thoil)**:**

☐ gur ghlac mé páirt in ionduchtú scoilbhunaithe thar thréimhse nach lú ná 60 lá ar bhonn gairmiúil

☐ gur fhreastail mé ar Chnuaschruinniú NIPT amháin in aghaidh an téarma (cuir isteach sonraí thíos):

| **Dáta/Dátaí Freastail:** | **Stampa an Ionaid Oideachais (nó a chomhionann):** GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAID OIDEACHAIS (NÓ A CHOMHIONANN) SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |
|---|---|
| **Dáta/Dátaí Freastail:** | **Stampa an Ionaid Oideachais (nó a chomhionann):** GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAID OIDEACHAIS (NÓ A CHOMHIONANN) SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |
| **Dáta/Dátaí Freastail:** | **Stampa an Ionaid Oideachais (nó a chomhionann):** GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAID OIDEACHAIS (NÓ A CHOMHIONANN) SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |

☐ gur ghlac mé páirt in aon Ghníomhaíocht Foghlama Ghairmiúil amháin eile ar a laghad, a bhaineann le mo riachtanais de réir mar a sainaithníodh iad i gcomhairle leis an bhFoireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG) (cuir isteach sonraí thíos, le do thoil):

| **Teideal:** | **Dáta:** | **Fad:** |
|---|---|---|
| | | |

☐ gur ghlac mé páirt sa chleachtadh machnaimh lena tacaíodh le mo chuid foghlama agus le mo chleachtadh gairmiúil, go haonarach agus go comhoibríoch araon.

☐ Creidim go bhfuil mé réidh chun bogadh go dtí an chéad chéim eile de m’fhoghlaim ghairmiúil, agus gur chomhoibrigh mé le mo FTG leis an réimse/na réimsí spéise seo a leanas a shainaithint do mo chuid foghlama ghairmiúil amach anseo.

**Síniú (múinteora a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead*):** ______________________

**Dáta:** LL MM BBBB

# CUID 2

**Comhdhearbhú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead* agus an FTG**.

Rinneamar machnamh comhchoiteann, agus creidimid gur fíor don eolas a thugtar thuas. Leis an rannpháirtíocht atá againn in *Droichead*, creidimid gur ghlacamar páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán. Iarraimid ar an gComhairle Mhúinteoireachta é sin a léiriú ar an gClár.

<table>
<tr><th>Ról<br>(e.g. Comhalta den FTG, Comhalta Seachtrach den FTG, MNC)</th><th>Ainm/Ainmneacha<br>(priontáil i mBLOCLITREACHA)</th><th>Síniú/Sínithe</th><th>Uimhir Chlárúcháin</th><th>Dáta</th></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm agus Uimhir Rolla na Scoile</td><td colspan="3">Stampa Oifigiúil na Scoile<br><br>GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL NA SCOILE SA BHOSCA SEO LE DO THOIL</td></tr>
</table>

# FOIRM D – **PRÍOMHSHEICLIOSTA**

Comhlánaigh agus sínigh an seicliosta seo sula gcuireann tú isteach an fhoirm iarratais seo, le do thoil. Mura bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe cuirfear ar ais í chuig an iarrthóir.

## CUID 1 - Deimhniú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead*

| | | |
|---|---|---|
| **1.** Tá cóip den ríomhphost tosaigh ó Ionad Oideachais Luimnigh curtha faoi iamh agam leis seo, lena ndearbhaítear gur chláraigh mé le haghaidh *Droichead* ag baint úsáide as an bhfoirm DR1. | ☐ **TÁ** | ☐ **NÍL** |
| **2.** Tá líon iomlán na laethanta teagaisc as a chéile sa scoil curtha isteach agam agus comhlánaíodh na laethanta “chuig” **agus** “ó”. | ☐ **TÁ** | ☐ **NÍL** |
| **3.** Rinne mé cinnte de gur roghnaigh mé an suíomh ceart inar tharla *Droichead*. | ☐ **RINNE** | ☐ **NÍ DHEARNA** |
| **4.** Rinne mé cinnte de gur stampáil an tIonad Oideachais ábhartha (nó a chomhionann) an fhoirm seo. | ☐ **RINNE** | ☐ **NÍ DHEARNA** |
| **5.** Shínigh mé agus chuir mé dáta le Cuid 1. | ☐ **SHÍNIGH AGUS CHUIR** | ☐ **NÍOR SHÍNIGH AGUS NÍOR CHUIR** |

## CUID 2 - Comhdhearbhú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead* agus an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG)

| | | |
|---|---|---|
| **1.** Shínigh mé an chuid seo, agus rinne mé cinnte de gur chomhlánaigh na comhaltaí ábhartha uile den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil na sonraí ábhartha **uile**, lena n-áirítear a sínithe, a n-uimhreacha clárúcháin agus na dátaí. | ☐ **SHÍNIGH AGUS RINNE** | ☐ **NÍOR SHÍNIGH AGUS NÍ DHEARNA** |
| **2.** Rinne mé cinnte de gur cuireadh isteach ainm, uimhir rolla agus stampa oifigiúil na scoile. | ☐ **RINNE** | ☐ **NÍ DHEARNA** |

**Síniú** (**múinteora a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead***)**:** ______________________________

**Dáta:** LL | MM | BBBB

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Foirm D - *Droichead*

# IAR-BHUNSCOIL

Ba cheart go gcuirfeadh múinteoirí arbh fhíor do na nithe seo a leanas ina leith an fhoirm seo faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta:

(a) chuir siad tús leis an bpróiseas Droichead agus thug siad i gcrích é le linn na scoilbhliana 2016/2017, i suíomh incháilithe thar thréimhse nach lú ná 200 uair an chloig;

(b) chuaigh siad i mbun na ngníomhaíochtaí ionduchtaithe scoilbhunaithe agus na ngníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise ar bhonn gairmiúil.

**Ba cheart go seolfaí an fhoirm seo, in éineacht le cóip den ríomhphost tosaigh ó Ionad Oideachais Luimnigh lena ndearbhaítear gur chláraigh an múinteoir le haghaidh *Droichead* ag baint úsáide as an DRI, chuig an seoladh thíos.**

**An Chomhairle Mhúinteoireachta,**
**Bloc A,**
**Campas Gnó Mhaigh Nuad,**
**Maigh Nuad,**
**Co. Chill Dara,**
**W23 Y7XO,**
**Éire.**

## CUID 1

### Deimhniú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead*

**Céadainm:** | **Sloinne:**

**Uimhir Chlárúcháin:** | **Fón:**

**Seoladh:**

**Ríomhphost:**

**Ainm Oifigiúil na Scoile:**

**Uimhir Rolla na Scoile:**

**Seoladh na Scoile:**

**Líon iomlán na n-uaireanta teagaisc sa scoil seo (cuir isteach líon na n-uaireanta):** Uaireanta a cuireadh isteach

**Ó:** LL MM BBBB

**Chuig:** LL MM BBBB

**An suíomh inar tharla *Droichead*[1]:**
*(Cuir tic leis de réir mar is iomchuí, le do thoil)*

- ☐ Múinteoir in iar-bhunscoil aitheanta
- ☐ Múinteoir i Scoil Oideachais Speisialta
- ☐ Múinteoir in Ionad Oideachais

[1] *Féach Caibidil 2 de na Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2016/2017 (Dáta 2017) le haghaidh tuilleadh eolais faoi shuíomhanna incháilithe, le do thoil.*

## CUID 1

**Dearbhaím** (cuir tic leis, le do thoil)**:**

☐ gur ghlac mé páirt in ionduchtú scoilbhunaithe ar bhonn gairmiúil thar thréimhse nach lú ná 200 uair an chloig;

☐ gur fhreastail mé ar Chnuaschruinniú NIPT amháin in aghaidh an téarma (cuir isteach sonraí thíos):

| **Dáta/Dátaí Freastail:** | **Stampa an Ionaid Oideachais (nó a chomhionann):** GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAID OIDEACHAIS (NÓ A CHOMHIONANN) SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |
|---|---|
| **Dáta/Dátaí Freastail:** | **Stampa an Ionaid Oideachais (nó a chomhionann):** GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAID OIDEACHAIS (NÓ A CHOMHIONANN) SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |
| **Dáta/Dátaí Freastail:** | **Stampa an Ionaid Oideachais (nó a chomhionann):** GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAID OIDEACHAIS (NÓ A CHOMHIONANN) SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |

☐ gur ghlac mé páirt in aon Ghníomhaíocht Foghlama Ghairmiúil amháin eile ar a laghad, a bhaineann le mo riachtanais de réir mar a sainaithníodh iad i gcomhairle leis an bhFoireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG) (cuir isteach sonraí thíos, le do thoil):

| **Teideal:** | **Dáta:** | **Fad:** |
|---|---|---|
| | | |

☐ gur ghlac mé páirt sa chleachtadh machnaimh lena tacaíodh le mo chuid foghlama agus le mo chleachtadh gairmiúil, go haonarach agus go comhoibríoch araon.

---

☐ Creidim go bhfuil mé réidh chun bogadh chuig an chéad chéim eile de mo chuid foghlama gairmiúil, agus gur chomhoibrigh mé leis an FTG leis an réimse/na réimsí spéise seo a leanas a shainaithint do mo chuid foghlama amach anseo.

**Síniú** (**múinteora a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead***): ______________________

**Dáta:** LL MM BBBB

## CUID 2

**Comhdhearbhú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas Droichead agus an FTG.**

Rinneamar machnamh comhchoiteann, agus creidimid gur fíor don eolas a thugtar thuas. Leis an rannpháirtíocht atá againn in *Droichead*, creidimid gur ghlacamar páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán. Iarraimid ar an gComhairle Mhúinteoireachta é sin a léiriú ar an gClár.

| **Ról**<br>(e.g. Comhalta den FTG, Comhalta Seachtrach den FTG, MNC) | **Ainm/Ainmneacha**<br>(priontáil i mBLOCLITREACHA) | **Síniú/Sínithe** | **Uimhir Chlárúcháin/Uimhreacha Clárúcháin** | **Dáta/Dátaí** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| **Ainm agus Uimhir Rolla na Scoile** | **Stampa Oifigiúil na Scoile** |
|---|---|
| | GREAMAIGH STAMPA OIFIGIÚIL NA SCOILE SA BHOSCA SEO LE DO THOIL |

# FOIRM D – **SEICLIOSTA IAR-BHUNSCOILE**

Comhlánaigh agus sínigh an seicliosta seo sula gcuireann tú isteach an fhoirm iarratais seo, le do thoil. Mura bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe cuirfear ar ais í chuig an iarrthóir.

## CUID 1 - Deimhniú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead*

| | | |
|---|---|---|
| **1.** Tá cóip den ríomhphost tosaigh ó Ionad Oideachais Luimnigh curtha faoi iamh agam leis seo, lena ndearbhaítear gur chláraigh mé le haghaidh *Droichead* ag baint úsáide as an bhfoirm DR1. | ☐ **TÁ** | ☐ **NÍL** |
| **2.** Tá líon iomlán na n-uaireanta teagaisc a chuir mé i gcrích sa scoil le linn mo phróisis *Droichead* curtha isteach agam. | ☐ **TÁ** | ☐ **NÍL** |
| **3.** Rinne mé cinnte de gur roghnaigh mé an suíomh ceart inar tharla *Droichead*. | ☐ **RINNE** | ☐ **NÍ DHEARNA** |
| **4.** Rinne mé cinnte de gur stampáil na hIonaid Oideachais ábhartha (nó a gcomhionann) an fhoirm seo. | ☐ **RINNE** | ☐ **NÍ DHEARNA** |
| **5.** Shínigh mé agus chuir mé dáta le Cuid 1. | ☐ **SHÍNIGH AGUS CHUIR** | ☐ **NÍOR SHÍNIGH AGUS NÍOR CHUIR** |

## CUID 2 - Comhdhearbhú ón mhúinteoir a ghlac páirt sa phróiseas *Droichead* agus an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil

| | | |
|---|---|---|
| **1.** Shínigh mé an chuid seo, agus rinne mé cinnte de gur chomhlánaigh na comhaltaí ábhartha uile den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil na sonraí ábhartha **uile**, lena n-áirítear a sínithe, a n-uimhreacha clárúcháin agus na dátaí. | ☐ **SHÍNIGH AGUS RINNE** | ☐ **NÍOR SHÍNIGH AGUS NÍ DHEARNA** |
| **2.** Rinne mé cinnte de gur cuireadh isteach ainm, uimhir rolla agus stampa oifigiúil na scoile. | ☐ **RINNE** | ☐ **NÍ DHEARNA** |

**Síniú** ***(múinteora a ghlac páirt sa phróiseas Droichead):*** ______________________

**Dáta:** LL MM BBBB

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íos-Ghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council